snasTV
NUACHT TG 4

Lá Fhéile Bríde

Meánleibhéal 2 (B2)

A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoi thábhacht Naomh Bríd i saol mhuintir na hÉireann. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigí na ceisteanna thíos le chéile.

1. Cad a ritheann leat nuair a smaoiníonn tú ar mhí Feabhra?
2. An dtaitníonn an t-earrach leat? Cén fáth?
3. Cé hiad na naoimh is fearr aithne in Éirinn?
4. Cad atá ar eolas agat faoi Naomh Bríd?
5. Cad is féidir a fhoghlaim faoi shochaí na hÉireann trí na laethanta saoire poiblí atá sa tír?



B: FOCLÓIR

1. Beidh na focail thíos le cloisteáil sa mhír ar ball. An féidir leat na leaganacha Gaeilge a aimsiú anois sula bhféachfaidh tú ar an mír? Bain úsáid as www.focloir.ie chun cuidiú leat, más gá.

a) *old customs are still widespread*	
b) *female saint and goddess*	
c) *the society*	
d) *gender equality*	
e) *female icon*	
f) *protecting them*	
g) *beyond measure*	
h) *trait, characteristic*	

2. Féach ar an mír den chéad uair agus aimsigh na focail thuas inti. An raibh na focail chéanna agat féin? _____

3. Conas a deirtear 'seandán' i gcanúint na Mumhan? _____

4. Beidh an file, Bríd Ní Mhóráin, ag rá rann ón dán *In Ainmneacha na Máithreacha* sa mhír. Cad is brí leis na focail thíos a bheidh le cloisteáil ann:

extends, stretches, lengthens	
chain	
woman, maiden	

C: TUISCINT

Bí ag obair leis an duine in aice leat. Freagraígí na ceisteanna thíos le chéile:

1. Labhraítear faoi Naomh Bríd ar bhealaí éagsúla i rith na míre. Cuir na bealaí sin san ord a luaitear sa mhír iad:

1. Naomh Bríd mar bhandia i bPoblacht na hÉireann
   - ☐ Naomh Bríd mar íocón feimineach.
   - ☐ Naomh Bríd mar inspioráid san Aifreann.
   - ☐ Naomh Bríd mar inspioráid liteartha.
   - ☐ Naomh Bríd mar ‘mháthair’ na nÉireannach.

2. Cén post atá ag na mná ar fad sa mhír? Cén ról atá acu sa mhír nó conas a chuir siad leis an mír?

Ainm	Post	Ról sa mhír
Siún Nic Gearailt	Láithreoir nuachta	Tugann sí intreoir don mhír le teacht.
Áine Ní Ghallchóir		
Nóilín Nic Bhloscaidh		
Bríd Ní Neachtain		
Bríd Ní Mhóráin		
Bríd Smith	Iar-Theachta Dála	Léiríonn sí an tábhacht a bhaineann le Naomh Bríd sa tsochaí mar tugtar ómós do mhná na hÉireann ar Lá Fhéile Bríde.

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (Ag comhaireamh)

Bí ag obair leis an duine in aice leat. Féachaigí ar na hainmfhocal seo a leanas agus freagraígí na ceisteanna:

bliain uair mí ceann seachtain

1. Cé acu ainmfhocal díobh siúd a leanann na gnáthrialacha nuair a chomhairtear é? _____
2. Líonaigí an tábla thíos.

Ainmfhocal	1	2	3-6	7-10
bliain				
uair				
mí				
ceann				
seachtain	(aon) seachtain amháin	dhá sheachtain	trí seachtaine	ocht seachtaine

3. Cuirigí na ceisteanna thíos ar a chéile anois:

   Cén aois atá tú? / Cé chomh minic is fhéachann tú ar an teilifís sa tseachtain? / Cé mhéad mí atá fágtha go dtí do bhreithlá? / Cé mhéad peann atá os do chomhair amach? / Cé mhéad seachtain atá ann go dtí an chéad saoire eile?

2: Cruinneas gramadaí (Na haidiachtaí san iolra)

Ar nós na n-ainmfhocal, athraíonn na haidiachtaí san uimhir iolra freisin. Bain amach na lúibíní sna samplaí thíos agus cuir an fhoirm cheart de na haidiachtaí sna bearnaí. Bí cúramach – athraíonn an scéal má chríochnaíonn an t-ainmfhocal ar chonsan caol san uimhir iolra, *e.g. cláir mhaithe*. Ná siúl isteach sa ghaiste; mura bhfuil tú cinnte téigh go dtí www.teanglann.ie/ga/gram.

mná (láidre) _____ fir (cróga) _____
táblaí (trom) _____ páistí (dána) _____
gluaisteáin (buí) _____ rothair (dubh) _____
leabhair (suimiúil) _____ daoine (maith) _____
cailíní (cliste) _____ bróga (salach) _____
cleachtaí (deacair) _____ boird (glan) _____
nósanna (sláintiúil) _____ cártaí (beag) _____

E: CUMARSÁID

1: Caint

Bígí ag obair i ngrúpaí agus tugaigí faoi na tascanna thíos le chéile.

Céim 1

Pléigí an cheist seo le chéile: Dá mbeadh Naomh Bríd beo inniu cad a cheapfadh sí faoi stádas na mban in Éirinn faoi láthair?

Céim 2

Pléigí an méid atá ar eolas agaibh faoi na mná Éireannacha seo thíos. Cé acu bean is mó a chuir le comhionannas inscne sa tír, dar libh? Cén fáth?

2: Scríobh

Roghnaigh duine de na mná a pléadh faoi **Caint** thuas. Scríobh postáil ghearr do na meáin shóisialta ag déanamh cur síos ar an gcúis a bhfuil an bhean sin tábhachtach duit féin go pearsanta.

AN SCRIPT

Siún Nic Gearailt
"Ó Lá Fhéile Bríde amach" a deir an seandán, agus cuid de na seanghnásanna fós i réim, agus sinn ag ceiliúradh Naomh Bríd. Is é seo an t-aon lá saoire bainc ag ceiliúradh ban-naoimh agus bandé sa Phoblacht.

Áine Ní Ghallchóir
Beannú na gcrosóg Bhríde i Séipéal Naomh Muire i mBéal Feirste. Dáta tábhachtach inniu ag ceiliúradh theacht an earraigh – séasúr an fháis.

Nóilín Nic Bhloscaidh, pobal an Aifrinn
Bíonn sé galánta; bíonn pobal cineál lán-lúcháireach agus tá a fhios agat na traidisiúin agus an sean-nós agus na crosóga agus cártaí beaga a dhear muid féin, pobal an Aifrinn anseo, go speisialta d'ócáid na Féile Bríde. Díreach ar do chúl anseo tá fuinneog Naomh Bríd sa séipéal anseo, Naomh Muire.

Áine Ní Ghallchóir
Aitheantas tábhachtach ar ról mhná na hÉireann go bhfuil lá saoire poiblí sa Phoblacht agus an tsochaí bunaithe ar chomhionannas inscne. D'fhéadfá a rá go ndearna Bríd aistriú trí huaire in Éirinn, ó bhandia Ceilteach go naomh go híocón feimineach.

Bríd Ní Neachtain, Iar-Phríomhoide Scoile
Le blianta beaga anuas agus mé ag dul in aois, tuigim go maith gur ainm an-speisialta é ainm Naomh Bríd. Bhí Bríd … tugadh an onóir ab airde di i ndáiríre, Muire na nGael, máthair á gcumhdach anseo sa tír, ag tabhairt aire do na Gaeil, agus is, *you know*, tuigtear dom freisin gur bandia a bhí inti. Agus bhí grá as cuimse ag Bríd do na boicht, sin í an tréith is mó, a thuigimse, a bhí aici.

Bríd Ní Mhóráin, File.
Bríd ab ea mo Mham agus Bríd ab ainm dá máthair siúd. Tá sé ar fad ráite agam sa dán:

<u>In Ainmneacha na Máithreacha</u>
Síneann slabhra slán
ó Bhrigit, bé na filíochta,
trí Bhrighid Chill Dara,
bronntóir ime agus bainne
anuas trí na glúnta
go dtí an bhean bhainne
Brighid Ní Chaoimh,
ó Bhinn na Míol,
i gCo. Chorcaí;

Bríd Smith, Iar-Theachta Dála
Bridie ab ainm do mo mháthair, tá cúpla Breda i mo chlann. Inniu is ómós mór an lá seo do mhná ar fud na tíre, mná cróga, mná láidre.

Áine Ní Ghallchóir
Áine Ní Ghallchóir, Nuacht TG4, Béal Feirste

NÓTAÍ & FREAGRAÍ

A: MACHNAMH

Cleachtadh gearr cainte é seo chun tús a chur le rang bríomhar ina mbeidh na foghlaimeoirí ag féachaint ar mhír nuachta, ag déanamh cleachtaí cluastuisceana agus ag comhrá faoi thopaic a bhaineann leis an mír ansin. Tabhair tamall do na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé ina mbeirteanna ar dtús sula bpléifidh tusa na ceisteanna leis an rang iomlán. Seo liosta de na laethanta saoire bainc in Éirinn ón suíomh **Faisnéis do Shaoránaigh**. Tuilleadh eolais ar fáil anseo. Is féilte Caitliceacha cuid mhaith díobh.

- Lá Caille (1 Eanáir)
- An chéad Luan i mí Feabhra, nó an 1 Feabhra má thiteann an dáta ar an Aoine
- Lá Fhéile Pádraig (17 Márta)
- Luan Cásca
- An chéad Luan i mí Bealtaine
- An chéad Luan i mí an Mheithimh
- An chéad Luan i mí Lúnasa
- An Luan deiridh i mí Dheireadh Fómhair
- Lá Nollag (an 25 Nollaig)
- Lá Fhéile Stiofáin (an 26 Nollaig)

B: FOCLÓIR

1. Freagraí:

old customs are still widespread	tá seanghnásanna fós i réim
female saint and goddess	ban-naomh agus bandia
society	(an) tsochaí
gender equality	comhionannas inscne
female icon	íocón feimineach
protecting them	á gcumhdach
out of measure	as cuimse
trait, characteristic	tréith

2. Déan plé ar na focail a bhí acu féin. B'fhéidir go raibh leagan eile de na focail sin acu.
3. 'seana-dhán'
4. Freagraí:

extends, stretches, lengthens	síneann
chain	slabhra
woman, maiden	bé

C: TUISCINT

Féach ar an script.

1. **Freagraí:**
1. Naomh Bríd mar bhandia i bPoblacht na hÉireann. 2. Naomh Bríd mar inspioráid san Aifreann. 3. Naomh Bríd mar íocón feimineach. 4. Naomh Bríd mar 'mháthair' na nÉireannach. 5. Naomh Bríd mar inspioráid liteartha.
2. **Freagraí samplacha**

Ainm	Post	Ról sa mhír
Siún Nic Gearailt	Láithreoir nuachta	Tugann sí intreoir don mhír le teacht.
Áine Ní Ghallchóir	Iriseoir nuachta	Téann sí níos doimhne sa scéal agus cuireann sí daoine faoi agallamh.
Nóilín Nic Bhloscaidh	Duine de phobal an Aifrinn	Tugann sí léargas dúinn ar na gnásanna atá ag pobal an Aifrinn i mBéal Feirste maidir le Naomh Bríd.
Bríd Ní Neachtain	Iar-phríomhoide Scoile	Tugann sí níos mó eolais dúinn faoi chúlra Naomh Bríd agus faoin tábhacht a bhaineann leis an naomh sin i saol na hÉireann.
Bríd Ní Mhóráin	File	Léann sí dán faoi Naomh Bríd a léiríonn an tábhacht atá ag an naomh sin i saol cultúrtha agus liteartha na hÉireann.
Bríd Smith	Iar-Theachta Dála	Léiríonn sí an tábhacht a bhaineann le Naomh Bríd sa tsochaí mar tugtar ómós do mhná na hÉireann ar Lá Fhéile Bríde.

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (Ag comhaireamh)

Freagraí:

1. Mí.
2. Féach:

Ainmfhocal	1	2	3-6	7-10
bliain	(aon) b**h**liain amháin	dhá bhliain	ceithre bliana	ocht mbliana
uair	(aon) uair amháin	dhá uair	cúig huaire	seacht n-uaire
mí	(aon) m**h**í amháin	dhá mhí	ceithre mhí	deich mí
ceann	(aon) c**h**eann amháin	dhá cheann	sé cinn	naoi gcinn
seachtain	(aon) seachtain amháin	dhá sheachtain	trí seachtaine	ocht seachtaine

3. Abair leo na ceisteanna a chur ar a chéile ag baint úsáid as na focail thuas sna freagraí.

2: Cruinneas gramadaí (Na haidiachtaí san iolra)

Freagraí:

mná láidre	fir chróga
táblaí troma	páistí dána
gluaisteáin bhuí	rothair dhubha
leabhair shuimiúla	daoine maithe
cailíní cliste	bróga salacha
cleachtaí deacra	boird ghlana
nósanna sláintiúla	cártaí beaga

E. CUMARSÁID

1: Caint

Céim 1

Caithfidh siad an cheist a phlé ina ngrúpaí. Ba cheart go mbeadh go leor cur agus cúiteamh ag baint leis seo. B'fhéidir go mbeidh foghlaimeoirí ann a cheapann gur duine an-choimeádach a bheadh i Naomh Bríd agus nach mbeadh sí sásta le hiompar nó le saol na mban inniu. Beidh foghlaimeoirí eile ann, b'fhéidir, a cheapann go mbeadh díomá ar Naomh Bríd mar nach bhfuil go leor dul chun cinn déanta in Éirinn maidir le comhionannas inscne. Gríosaigh na foghlaimeoirí chun go leor samplaí a thabhairt.

Céim 2

Iarr ar gach grúpa na mná ar fad a phlé le chéile. Abair leo tuilleadh eolais a chuardach ar Vicipéid más gá. Iarr ar na grúpaí duine de na mná a roghnú a cheapann siad féin a chuir go mór le comhionannas inscne in Éirinn. Abair leis na grúpaí na mná a roghnaigh siad a chur i gcomparáid le chéile.

Na híomhánna

Máire Mhic Róibín: © European Communities, via Wikimedia Commons — CC BY 4.0
Naomh Bríd: © Octave 444, Wikimedia Commons — CC BY-SA 4.0
Gráinne Ní Mhaille: © Suzanne Mischyshyn, Wikimedia Commons — CC BY-SA 2.0
Sinéad O'Connor: © Sinéad O'Connor (1987), réimse poiblí

2: Scríobh

Tabhair deis do na foghlaimeoirí postáil ghearr a scríobh faoi dhuine de na mná faoi **Caint**, agus faoin gcúis a bhfuil an bhean sin tábhachtach dóibh.